**Dé Máirt 22. Samhain 2022**

P9_TA(2022)0393

## Cothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2022 ar an seasamh ón gComhairle ag an gcéad léamh chun go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara (10521/1/2022 – C9-0354/2022 – 2012/0299(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

(2023/C 167/22)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (10521/1/2022 – C9-0354/2022),

— ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh [1] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2012)0614),

— ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas na coistí freagracha faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Gnóthaí Dlíthiúla agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0275/2022),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, ach a mbeidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 436, 24.11.2016, lch. 225.